CREW

# TEACHT CHUN CINN AGUS DUL I MÉID

## TIONSCAIL DHIGITEACHA NA CRUTHAITHEACHTA IN IARTHAR AGUS IN IARTHUAISCEART NA HÉIREANN

**Deich mBliana den Teacht chun Cinn agus an Bealach ar Aghaidh go dtí 2036**

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Páipéar Bán arna ullmhú do EDGE26 - Cruinniú Mullaigh Gheilleagar Cruthaitheachta na hÉireann ag an Dr Patrick Collins agus Osama AbuShanab

UrbanLab Galway

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

**BEALTAINE 2026**





Is é CREW i gcomhar le UrbanLab Galway a choimisiúnaigh an páipéar bán seo mar chuid de EDGE26 – Cruinniú Mullaigh Gheilleagar Cruthaitheachta na hÉireann le cúnamh taca ó Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Iarthair agus an Iarthuaiscirt agus ó Scoil na Tíreolaíochta, na Seandálaíochta & an Léinn Éireannaigh in Ollscoil na Gaillimhe.

Táthar an-bhuíoch as an gcion tairbhe a rinne gach duine a bhí rannpháirteach sa tsuirbhéireacht agus in agallaimh a ndéanann a gcuid léargais eolas don pháipéar bán seo.

CREW

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

UrbanLab Galway

Regional Skills
Partnerships for Skills

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá tráth cinniúnach tagtha maidir le tionscail dhigiteacha na cruthaitheachta in Iarthar agus in Iarthuaisceart na hÉireann. Le deich mbliana anuas, tá bonn daingean curtha faoi earnáil a bhíodh fágtha ar lár go dtí sin i mbeartas náisiúnta agus i sonraí fiontraíochta agus suntas anois léi mar gheall ar bhonneagar institiúide níos téagartha agus mar gheall bhorradh a bheith faoin réimse saothar atá á tháirgeadh agus ag dul i bhfeidhm i ndáiríre ar an margadh. Is dul chun cinn ceart é sin. Níl sé críochnaithe go fóill ach an oiread, tá scaipeadh éagothrom ar an earnáil agus níl sí chomh slán agus ba chóir ag an tráth seo.

Cuirtear chun tosaigh sa pháipéar bán seo nach uaidh féin a tharlaíonn an t-athrú ón teacht chun cinn go dtí an dul i méid agus nach iad na cúinsí céanna a bhí de dhíth le deich mbliana anuas atá riachtanach maidir leis na deich mbliana amach romhainn. Baintear leas as sonraí ar leibhéal na gcuideachtaí as sliocht FAME i mí Márta 2026, sliocht saincheaptha de chuid Vision-Net, ábhar anailíse Déimeagrafaíocht Gnó de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, Suirbhé Earnála EDGE26 ar 57 gnólacht agus saothraí, agus clár pleanáilte agallamh ar fud sheacht chontae an réigiúin, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, Dún na nGall, Sligeach, Liatroim agus Contae an Chláir.

## Tá an fhianaise maidir le trí cinn de phríomhthorthaí, arna bunú ar na foinsí sonraí éagsúla, i gcomhréir le chéile.

**1**

### Gnóthaí airgeadais an chonstaic is mó ó thaobh struchtúir.

Luann 64.9% de fhreagróirí an suirbhé an teacht ar infheistíocht a bheith ar an gconstaic is mó roimh fhorás agus is é an toradh céanna a fhaightear ar shonraí faoi riachtanais bonneagair, freagraí téacs oscailte agus fianaise agallaimh a scrúdú. Ní toirt ná scála amháin a thagann i gceist. Níl na hionstraimí infheistíochta atá ar fáil faoi láthair don earnáil curtha i gcóir don mhúnla gnó fadsraitheach, bunaithe ar thionscadal agus ar Mhaoin Intleachta (MI) ar dá réir a fheidhmíonn gnólachtaí cruthaitheachta digiteacha. Foinsí caipitil le tuiscint ar an earnáil seo a theastaíonn sa réigiún, seachas foinsí airgeadais níos fairsinge d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide den ghnáthchineál.

**2**

### Cúrsaí tráchtála agus easnamh ó thaobh deis ar an margadh na constaicí is measa ina dhiaidh sin.

Scileanna maidir le forbairt gnó, praghsáil, bainistíocht ar MI, ceadúnú agus ullmhú d'easpórtáil an chuid is minice a luaitear deacracht maidir le teacht orthu agus is iad is géire a mbeidh gá leo as seo go ceann cúig bhliana. Tá eagraíochtaí go leor a bhfuil acmhainn cruthaitheachta agus teicneolaíochta den suntas iontu ach nach bhfuil an bonneagar tráchtála ag baint leo is gá chun teacht isteach inbhuanaithe a chruthú as acmhainn den sórt sin. Tá tábhacht chomh mór céanna le cúnamh taca ar thaobh an éilimh - modhanna coimisiúnaithe, deiseanna soláthair, aithne ar cheannaitheoirí, cláir easpórtála - agus atá le hoiliúint ar thaobh an tsoláthair.

3

**Tá an iomarca éagothroime ag baint i gcónaí leis an scaipeadh ar dheiseanna agus ar chúnamh taca.**

Le Gaillimh a bhaineann 43.3% de na cuideachtaí cruthaitheachta digiteacha a shonraítear le bonnlíne an réigiúin agus is ann atá mórchuid na ngnéithe de bhonneagar institiúideach an réigiúin. Tá an chruthaitheacht á saothrú sna sé chontae eile, ach is lú saothrú atá ar bun, tá scaipeadh níos leithne air agus is lú suntas atá leis ag córais beartais agus infheistíochta a d'fhéadfadh tacú léi. Ní thiocfaidh mórchóras, den chineál ar cosúil ón bhfianaise go mbeadh sé i ndán, ó straitéis réigiúnach a fheidhmíonn sa chleachtas mar a bheadh straitéis Ghaillimheach inti.

## Leagtar amach seacht gcinn de mholtaí sa pháipéar bán:

1. Modh infheistíochta le tuiscint ar an earnáil a fhorbairt
2. Treisiú le bearta cúnta ar thaobh an tsoláthair agus maidir le deis ar an margadh
3. Creatchóras fianaise réigiúnach atriallach a chur ar bun
4. Leagan amach nua ar sholáthar scileanna maidir le cúrsaí tráchtála agus acmhainn MI
5. Córas taca níos dea-leagtha amach a chur i bhfeidhm ar dhéanamh moil agus líonraí
6. Cúnamh taca faoi leith maidir le litearthacht IS agus MI a chur ar fáil
7. Bonneagar líonraí agus acmhainneacht idirghabhálachta a cheapadh leis an mbonneagar lárnach eacnamaíochta seachas le réimsí roghnacha.



Tá an phríomhtheachtaireacht simplí: ní tosú ó thús a theastaíonn sa réigiún.




Tá mórchuid an chórais soláthair ar fáil cheana féin le CREW, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Údarás na Gaeltachta, na Fóraim Scileanna Réigiúnacha, Skillnet Ireland, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Ollscoil na Gaillimhe, Fiontraíocht Éireann, Oifigí Fiontair Áitiúla, GFT Éireann, údaráis áitiúla agus Éire Ildánach.

**Ní beartaíocht atá in easnamh ach scála, aird, áisiúlacht, inmharthanacht agus cóiriú don mhodh ina bhfeidhmíonn fiontraíocht dhigiteach cruthaitheachta sa saol dáiríre.**

Tá na seacht gcinn de mholtaí dírithe ar thrí cinn de cholúin chónasctha:

- **Gnóthaí airgeadais agus margaí**
- **Inniúlacht agus buanseasmhacht na ngnólachtaí**
- **Gnéithe bonneagair an chórais.**

Tá trí chéim dá bhrí sin leis an treochlár a mholtar don réigiún sa pháipéar bán:

1. **Tástáil Phíolótach agus Fianaise**
2. **Toirtiúlacht agus Foirmiúlacht**
3. **Comhdhlús agus Gnáthchúrsaíocht.**

Tá rún a théann níos faide ná cúrsaí eacnamaíochta mar bhonn daingean faoi iomlán na moltaí. Ní hé amháin gur earnáil atá le forbairt atá i gceist le tionscail dhigiteacha na cruthaitheachta in Iarthar agus in Iarthuaisceart na hÉireann. Is iad craobhacha aitheantais an cheantair, comhartha suaitheantais don saol mór agus an t-áitiú is tréine ar an nglúin atá le theacht nach géilleadh atá i gceist leis an saol a chaitheamh sa réigiún. Tá rud ar bun ag na saothraithe a roghnaíonn fanacht sa réigiún nó filleadh air - a thógann stiúideo, a fhorbraíonn MI, a chruthaíonn saothar is féidir a thabhairt thar réigiún amach - nach bhfuil a thuiscint go hiomlán le baint as sonraí eacnamaíochta.

Léiríonn siadsan gur fiú dul i bhfiontar san Iarthar.

Braitheann a léiriú sin ar a dteacht slán agus ar a bhforás.

Cuirtear moltaí an pháipéir seo chun cinn d'fhonn na cúinsí a chruthú ina dtiocfaidh an dá thoradh sin i gcrích.

# TEACHT CHUN CINN AGUS DUL I MÉID

Seacht gcinn de Mholtaí maidir le Tionscail Dhigiteacha na Cruthaitheachta in Iarthar agus in Iarthuaisceart na hÉireann

## TRÍ CHOLÚN CÓNASCTHA

| Gnóthaí Airgeadais agus Margaí | → | Inniúlacht agus Buanseasmhacht na nGnólachtaí | → | Gnéithe Bonneagair an Chórais |
|---|---|---|---|---|
| 1. Modh infheistíochta le tuiscint ar an earnáil | | 4. Inniúlacht Tráchtála, IS & MI | | 3. Creatchóras Fianaise Réigiúnach Atriallach |
| 2. Bearta cúnta ar thaobh an tsoláthair agus maidir le deis ar an margadh | | 6. Inniúlacht maidir le IS, cóipcheart & MI | | 5. Córas taca ar dhéanamh moil agus líonraí |
| | | | | 7. Acmhainneacht idirghabhálachta & líonraí a cheapadh leis an mbonneagar eacnamaíochta |

## TREOCHLÁR TRÍ CHÉIM

| CÉIM A HAON: Tástáil Phíolótach agus Fianaise | → | CÉIM A DÓ: Toirtiúlacht & Foirmiúlacht | → | CÉIM A TRÍ: Comhdhlús & Gnáthchúrsaíocht |
|---|---|---|---|---|
| Éileamh, constaicí, acmhainn soláthair agus dul i bhfeidhm réigiúnach a thástáil | | Cur leis na bearta idirghabhála a mbíonn dea-thoradh orthu | | Gnáthchuid den bheartas fadtéarmach réigiúnach agus náisiúnta a dhéanamh de na gnéithe is tréine |

**Córas comhdhlúth: baineann na céimeanna ar fad leis na colúin ar fad**

**AN PHRÍOMHTHEACHTAIREACHT**

Ní tosú ó thús a theastaíonn sa réigiún. Ní le heaspa beartaíochta a bheadh deacracht ach is gá scála agus dul i bhfeidhm níos mó, inmharthanacht agus cóiriú don mhodh ina bhfeidhmíonn gnólachtaí digiteacha cruthaitheachta sa saol i ndáiríre.

## CUR LEIS AN MBEARTAÍOCHT GO DTÍ SEO

CREW • CEED • CLIMB • ELEVATE • Creative Catalyst • Coimisiún Forbartha an Iarthair
Fóraim Scileanna Réigiúnacha • Skillnet Ireland • Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh • Ollscoil na Gaillimhe
Oifigí Fiontair Áitiúla • Údaráis Áitiúla • Éire Ildánach • Údarás na Gaeltachta • GFT Éireann • Fiontraíocht Éireann

## FEIDHMIÚ AN CHREATCHÓRAIS

**Tástáil Phíolótach agus Fianaise**

- Constaicí Airgeadais a léarscáiliú
- Modhanna ceannaitheoirí a thástáil
- Clinicí gairide a sheoladh
- Bonnlíne fianaise a fhorbairt
- Dul i bhfeidhm thar contae amach a thástáil

→

**Toirtiúlacht & Foirmiúlacht**

- Na deiseanna cruthanta airgeadais a leathnú
- Conairí chun margaidh a chur ar bhonn foirmiúil
- Bróicéireacht acmhainní
- Monatóireacht bhliantúil a chaighdeánú

→

**Comhdhlús & Gnáthchúrsaíocht**

- Cuid dhlúth den bheartas réigiúnach
- Teacht le bearta taca náisiúnta
- Buaine maidir le rialachas, cistíocht agus athbhreithniú

**CUSPÓIR:**
**Gnóthaí airgeadais, an teacht ar an margadh, cúrsaí acmhainne agus bonneagair a chóiriú sa chaoi is go dtagann scála seasmhach de thoradh ar dhul chun cinn réigiúnach**

CREW

crewdigital.ie

UrbanLab Galway

urbanlabgalway.ie

